

Fiosrúchán maidir le Biúró Creidmheasa na hÉireann DAC

(IN-19-7-2)

Dáta an Chinnidh: 23 Márta 2021

Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán seo maidir le sárú ar shonraí pearsanta a chuir Biúró Creidmheasa na hÉireann ('ICB') in iúl don DPC an 31 Lúnasa 2018. Gníomhaireacht teistiméireachtaí creidmheasa is ea an ICB a choimeádann bunachar sonraí maidir le feidhmíocht comhaontuithe creidmheasa idir institiúidí airgeadais agus iasachtaithe. Tharla an sárú ar shonraí pearsanta nuair a rinne an ICB athrú cóid a chur i bhfeidhm lena bhunachar sonraí, ina raibh earráid theicniúil. Dá bharr sin, idir an 28 Meitheamh 2018 agus an 30 Lúnasa 2018, rinne bunachar sonraí an ICB uasdátú míchruinn ar thaifid 15,120 cuntais dhúnta. Nocht an ICB 1,062 taifid mhíchruinne le hinstiúidí airgeadais nó ábhair sonraí sular réitíodh an cheist. Luaigh gach ceann de na taifid cuntais mhíchruinne a nochtadh gur dhúnadh na cuntais níos déanaí ná mar a tharla i ndáiríre, ach níor luaigh aon ceann dóibh go mícheart go raibh fuílleach le híoc ar an gcuntas.

- De réir an chinnidh, sháraigh an ICB Airteagal 25(1) den GDPR nuair nár cuireadh bearta theicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm chun prionsabal an chruinnis a chur i bhfeidhm i mbealach éifeachtach agus chun cosaintí riachtanacha a imeascadh sa phróiseáil go dtí go ndéanfar riachtanais an GDPR a chomhlíonadh agus cearta ábhar sonraí a chosaint.
- De réir an chinnidh, sháraigh an ICB Airteagal 5(2) agus 24(1) den GDPR nuair nár léirigh sé comhlíonadh a oibleagáid, de bhun Airteagal 25(1) den GDPR, chun tástáil chúí a dhéanamh ar athruithe atá beartaithe dá bhunachar sonraí.
- De réir an chinnidh, níor sháraigh an ICB Airteagal 26(1) den GDPR i gcúinsí nach comh-rialaitheoirí iad baill an ICB maidir le bunachar sonraí an ICB.

Na cumhachtaí ceartaitheacha a fheidhmíodh

- Chuir an cinneadh fíneáil riaracháin de €90,000 ar an ICB mar gheall ar na sáruithe.
- D'eisigh an cinneadh iomardú don ICB maidir leis na sáruithe.
- I dtaca leis na bearta a chuir an ICB i bhfeidhm ó tharla an sárú ar shonraí pearsanta agus i rith an fhiosrúcháin, ní raibh gá leis an gcinneadh ordú a thabhairt don ICB gníomh ar leith a dhéanamh chun a chuid gnóthaí próiseála a chur i gcomhlíonadh leis an GDPR.